

Céimeanna Sábháilteachta i Scoil Dhún Chaoin maidir le Covid -19.

Tá na céimeanna seo bunaithe ar threoracha na Roinne agus iad mar chuid de Phlean Freagratha Covid-19 na scoile. Faigh thíos na treoracha praiticiúla leagtha amach againn do Scoil Dhún Chaoin do thuismitheoirí agus leanaí na scoile.

Iarraimid oraibh iad seo a phlé sa bhaile agus na treoracha a bhaineann leo a mhíniú go cúramach le do leanbh.

Iarraimid oraibh na treoracha cuí a roinnt le aon seantuismitheoir/caomhnóir eile a bheidh ag seoladh/bailiú bhur leanaí ón scoil.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Sa bhaile

- Iarraimid oraibh seiceáil go cúramach gach aon mhaidin ar shláinte **gach ball teaghlaigh** agus a bheith siúrálte nach bhfuil aon cheann dos na comharthaí seo a leanas ag aon duine sa teaghlach:
 - ✓ Teocht ard
 - ✓ Casacht
 - ✓ Gearranáil
 - ✓ Boladh nó blas a bheith cailte nó blas as riocht

- Molfaimid teocht bhur leanaí a sheiceáil go minic.
 - **Más ea go bhfuil aon amhras faoi shláinte aon bhall teaghlaigh, impímid oraibh gan do leanbh/leanaí a sheoladh ar scoil, fiú má bhraitheann an leanbh féin sláintiúil.**

Ag teacht ar scoil/ Ag filleadh abhaile

- Iarraimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí gan cruinniú mar aon slua amháin ag geata na scoile ag tús nó deireadh an lae ach fad an fhalla os comhair na scoile a úsáid chomh maith is gur féidir.
- Beidh cead ag leanaí teacht ar scoil ó 9:00rn ar aghaidh. Tosnóidh an lá scoile ag a 9:20rn.
- Ag deireadh an lae scaoilfear leanaí Seomra Mharyann amach ar dtús ag 2:55in agus leanaí Seomra Mhalacháí ag 3:00in.
- Iarraimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí masc nó scáthlán a chaitheamh agus iad timpeall láthair na scoile ag seoladh na leanaí isteach ar maidin nó ag bailiú na leanaí tráthnóna.

Cuairt Scoile

- Ní bheidh cead ag aon tuismitheoir/caomhnóir dul thar geata na scoile gan choinne a bheith socruithe leis an bpríomhoide roimh ré.
- Tar éis coinne a bheith socruithe iarraidimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí glaoch gutháin a dhéanamh agus iad ag doras na scoile agus fanacht go dtiocfaidh múinteoir ag triall orthu.
- Iarraidimid ar thuismitheoirí doras na hoifige a úsáid má bhaineann an cúram leis an tseomra mhór. (An doras ar an dtaobh chlé, nach mbíonn in úsáid de ghnáth)
- Beidh ar gach tuismitheoir masc/scathlán a chaitheamh má thagann siad isteach sa scoil i rith am scoile.
- Beidh ar aon duine a thagann isteach sa scoil an bosca díghalrán láimhe a úsáid roimh theacht isteach.
- Beidh ar gach tuismitheoir/caomhnóir Loga Rianú Teagmhála a líonadh isteach má thagann siad isteach sa scoil.

Leanaí

- Ag teacht ar scoil beidh ar gach leanbh a lámha a ní ag úsáid bosca díghalrán láimhe ag doras na scoile.
- A lámha a ní go minic – le huisce te sa tseomra ranga má tá salachar le feiscint.
- Na cirt páipéir a úsáid chun na lámha a thriomú agus iad a chur go cúramach sa bhosca brúscair.
- Aon sraoth nó casacht a chlúdach le huillinn agus a lámha a ní arís ina dhiaidh.
- A bheith aireach gan a bheith buailte ró chóngarach d’aon leanbh nó múinteoir eile chomh maith is gur féidir tríd an lae ar fad.
- Gan ábhar scoile leo féin (pinn/dathanna) a roinnt le leanaí eile.
- Seiceáil leis an múinteoir go bhfuil treallamh scoile glanta roimis é a úsáid (ipad/ríomhaire/clúdaigh leabhair)
- Aireach go bhfuil na cluichí clóis oiriúnach agus é a phlé leis an múinteoir má tá aon amhras faoin gcluiche.

Beidh nósanna beaga eile le cur i bhfeidhm sa tseomra ranga, míneoidh na múinteoirí iad dos na leanaí agus déanfar cleachtadh agus plé orthu go rialta mar aon leis an cinn thuas luaite.